Cuid 3:

An tástáil tiomána

Conas iarratas a dhéanamh ar thriail tiomána

Nuair atá na coinníollacha uile a luadh i gCuid 1 agus 2 do shealbhóirí cead foghlaimeora comhlíonta agat agus treoracha faighte agat, an chéad chéim eile ná iarratas a dhéanamh ar thriail tiomána.

Má tá sé ar intinn agat iarratas a chuir isteach sa phost, is féidir foirm iarratais a fháil ó stáisiún na nGardaí nó Oifig Mhótarchánach ar bith. Seol an fhoirm chomhlíonta, mar aon le seic do tháille na tástála, chuig:

An Rannóg um Thástáil Tiománaithe
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
Tithe an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.
Glao-Áitiúil: 1890 40 60 40

Má tá sé ar intinn agat iarratas a chuir isteach ar líne, féach *www.drivingtest.ie* . Beidh ort cárta creidmheasa nó dochair (Laser) a bheith in aice láimhe agat chun an táille a íoc.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil faoin tástáil, lena n-áirítear táillí, trí teagmháil a dhéanamh leis an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre nó trí féachaint ar *www.drivingtest.ie*.

Tabharfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Clár de Theagascóirí Tiomána Formheasta isteach. Molfar do thiománaithe traenála uile teagasc a fháil ó Theagascóir Tiomána Formheasta.

CUIMHNIGH

Chun dul faoi Thriail Tiomána, caithfidh Cead Foghlaimeora a bheith agat a chlúdaíonn an catagóir inar mian leat go dtriailfí thú. Caithfidh Cead Foghlaimeora a bheith i do sheilbh ar feadh 6 mí ar a laghad sula nglacann tú an triail tiomána.